



*Rewarding Learning*

**General Certificate of Secondary Education  
Summer 2023**

---

## **Matamaitic GCSE**

---


**ÁBHAIR BHREISE THACAÍOCHTA  
DON BHONNSRAITH  
(Lena úsáid i Samhradh 2023)**

## ÁBHAIR BHREISE THACAÍOCHTA DON BHONNSRAITH (Samhradh 2023)

$$\text{Meánluas} = \frac{\text{Fad slí}}{\text{Am}}$$

## Imlíne, Achar agus Toirt

Is é is imlíne pholagáin ann ná an fad slí thart timpeall an taobh amuigh den pholagán.



Faightear achar dronuilleoige trí fhad na dronuilleoige a iolrú faoina leithead.

$A = L \times B$ , áit arb é  $A$  an t-achar,  $L$  an fad agus  $B$  an leithead.

Faightear toirt ciúbóidigh trí fhad an chiúbóidigh a iolrú faoina leithead faoina airde.

$V = L \times B \times H$  áit arb é  $V$  an toirt,  $L$  an fad,  $B$  an leithead agus  $H$  an airde.

Is é is achar ciorcail ann ná  $A = \pi r^2$  áit arb ionann  $r$  agus ga an chiorcail.

## Grádán Líne

Grádán líne =  $\frac{\text{méadú ar fhad slí ceartingearach}}{\text{méadú ar fhad slí cothrománach}}$

## Geoiméadracht agus Uillinneacha

Tá  $180^\circ$  ar líne dhíreach.

Tá  $180^\circ$  taobh istigh de thriantán.


Is é is triantán comhchosach ann ná triantán a bhfuil 2 shlios chothroma agus 2 uillinn chothroma aige.

Tugtar suim na  $n$ -uillinneacha uilig atá taobh istigh de pholagán le  $180(n - 2)$  áit arb ionann  $n$  agus líon na sleasa sa pholagán.

## Teoirim Phíotágaráis

Más iad  $a$ ,  $b$  agus  $c$  na sleasa atá ag triantán dronuilleach atá taispeánta thíos, ansin, tá

$$a^2 + b^2 = c^2$$



## Meán

Is é is meán de thacar sonraí ann ná suim na luachanna sonraí uilig roinnte ar líon na luachanna sonraí.

## Meastachán don mheán de dháileadh minicíochta grúpáilte

Meán measta = suim (na lárluachanna eatraimh iolraithe faoina minicíocht) roinnte ar shuim na minicíochtaí uilig.

## Píchairt

I bpíchairt, is é  $360^\circ$  an uillinn iomlán a chomhfhreagraíonn don tacar sonraí ina iomláine.

## Dóchúlacht

Tá suim dhóchúlachtaí na dtorthaí uilig cothrom le 1